Screen Producers Ireland

# Doiciméad um bheartas i leith na Gaeilge don Oireachtas

## Fís d'fhorbairt Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách na Gaeilge in Éirinn thar na 5-10 mbliana atá romhainn do Choiste an Oireachtais don Ghaeilge, don Ghaeltacht, agus do Phobal na Gaeilge, ó Screen Producers Ireland


Róise and Frank| Macalla Teo


Na Dúlradóirí | Paper Owl Films

# Réamhrá

Cuireann Screen Producers Ireland (SPI) fáilte roimh an gcuireadh seo chun aighneacht i scríbhinn a chur faoi bhráid an Choiste don Ghaeilge, don Ghaeltacht, agus do Pobal na Gaeilge, faoi Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge.

Cé gurb é seo an chéad uair a chuir an SPI doiciméad faoi bhráid an Choiste seo, tuigimid go maith an spéis atá agat san ábhar seo ó phlé a rinneadh le TG4 roimhe seo, agus táimid ag tnúth le plé gníomhach ar 7 Nollaig.

Tá doiciméad á chur faoi bhráid an Choiste againn ag am ina bhfuil an-suim agus forbairt in Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge. Cé go bhfuilimid cinnte go bhfuil go leor den rath a baineadh amach le déanaí in Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge curtha in iúl duit trí do chruinniú le TG4, is fiú macalla a dhéanamh air anseo.



Cumhacht an nadúir | Red Pepper Productions

# Réamhrá

Roinnt éachtaí suntasacha le déanaí san earnáil:

- Méadú ar bhuiséad TG4 go €57.5M
- Fógraíodh cainéal nua Gaeilge do Pháistí, Cúla 4, le TG4 atá le seoladh in 2023.
- Le tionscnamh Cine4 léiríodh acmhainneacht scannánaíochta na Gaeilge, le rath léirmheastach' (Arracht, Foscadh, Róise & Frank) agus ar ndóigh is é An Cailín Ciúin rogha na coitiantachta don Scannán Idirnáisiúnta is Fearr ag gradaim Oscar.
- Tá níos mó ticéad ná riamh a ndíol do léiriúcháin Ghaeilge sa chineama
- Tá léiriúcháin Ghaeilge chun tosaigh i gcúrsaí inbhuanaitheachta comhshaoil
- Tá téarmaí nua trádála idir TG4 agus SPI lena bhfreastalaítear ar leas an dá eagraíocht

Is cuid ríthábhachtach é earnáil bhríomhar léiriúcháin neamhspleách Ghaeilge a bheith ann chun ábhar saibhir atá suntasach ó thaobh an chultúir de a sholáthar do lucht éisteachta/féachana baile agus idirnáisiúnta.

Braitheann meáin chumarsáide seirbhíse poiblí na Gaeilge, atá bunaithe ar shamhail foilsitheoirí-craoltóirí trí TG4, go mór ar an gcaidreamh comhoibríoch atá acu le léiritheoirí neamhspleácha, a chuireann ar a chumas an caighdeán is airde, is costéifeachtaí, agus iolrachas d'ábhar scáileáin closamhairc a sholáthar. Tá ábhar sa Ghaeilge lárnach dár bhféiniúlacht agus cuireann sé rochtain agus oideachas tábhachtach ar fáil do lucht éisteachta/féachana nach bhfuil mórán Gaeilge acu nó nach bhfuil Gaeilge ar bith acu fiú, chun páirt a ghlacadh ann ar bhealach siamsúil speisialta.

Tá súil againn leis an doiciméad a chuireamar isteach go gcuirfear stádas reatha earnáil léiriúcháin na Gaeilge in iúl do chomhaltaí an Choiste agus nuair a chreidimid gur féidir leis, leis an bpleanáil agus na tacaíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha cuí, go bhfásfaidh agus go bhforbróidh sé.

# Eolas faoi Screen Producers Ireland

Is eagraíocht ionadaíoch náisiúnta de chuid cuideachtaí neamhspleácha scannánaíochta, teilifíse, beochana agus léiriúcháin dhigitigh é Screen Producers Ireland (SPI). Tá breis agus 180 ball cuideachta in SPI, agus aithnítear é mar ghuth léiriúcháin neamhspleách closamhairc (AV) in Éirinn.

Fiontraithe cruthaitheacha is ea baill an SPI a léiríonn scannán, beochan agus teilifís a bhfuil clú domhanda orthu, a chruthaíonn fostaíocht ardluacha uile-oileáin agus fostaíocht ar fud réigiún, ag cothú chultúr na hÉireann ar an scáileán mar aon le hoidhreacht ealaíne na hÉireann a chaomhnú. Cuimsíonn SPI raon cuideachtaí léiriúcháin, idir léiritheoirí atá ag teacht chun cinn agus léiritheoirí scannáin agus sraitheanna teilifíse ar mhórscála ardleibhéil, a oibríonn i nGaeilge agus i mBéarla araon.

'Sí aidhm SPI ná timpeallacht a chothú ina mbeidh rath ar ár dtionscal. Cuirimid ár dtaithí agus ár n-acmhainní ag obair chun seasamh láidir, inmharthana a chruthú do na fiontraithe cruthaitheacha atá ag obair sna réimsí scannán, teilifíse, beochana agus digiteacha. Tá sé mar fhreagracht orainn guth a thabhairt don earnáil, faire i ndiaidh riachtanais ár mbaill, ardán a thabhairt dóibh lena gcuid oibre a chur chun cinn agus cruth a chur ar an tionscal léiriúcháin neamhspleách a thagann le hardchaighdeán idirnáisiúnta. Trí naisc a chothú le príomhpháirtithe leasmhara – agus lena chéile – cruthaímid timpeallacht dhearfach oibre dár dtionscal lena spreagtar cruthaitheacht, cultúr agus rath tráchtála.

Déanann SPI ionadaíocht d'fhormhór na léiritheoirí Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. Cruthaíonn na léiritheoirí sin ábhar thar gach seánra amhail Dráma Teilifís, cláir faisnéise fhíorasacha, spórt, cúrsaí reatha, scannáin agus páistí, ceol.

'Sí aidhm SPI ná timpeallacht a chothú ina mbeidh rath ar ár dtionscal. Cuirimid ár dtaithí agus ár n-acmhainní ag obair chun seasamh láidir, inmharthana a chruthú do na fiontraithe cruthaitheacha atá ag obair sna réimsí scannán, teilifíse, beochan agus digiteacha.

Tá sé mar fhreagracht orainn guth a thabhairt don earnáil, faire i ndiaidh riachtanais ár mbaill, ardán a thabhairt dóibh a gcuid oibre a chur chun cinn agus cruth a chur ar an tionscal léiriúcháin neamhspleách a thagann le hardchaighdeán idirnáisiúnta. *Déanaimid é seo ar bhealaí éagsúla.* Déanaimid stocaireacht agus

# Eolas faoi Screen Producers Ireland

tugaimid comhairle agus spreagadh d'eagraíochta stáit agus iad i mbun pleanála ar mhaithe na hearnála.  Bíonn cumarsáid agus idirbheartaíocht ar siúl againn le príomhaithe an tionscail chun rialúchán cóir a bhaint amach ar gach ardán craolta.

Téimid i comhairle le ceardchumainn i réimsí sonracha chun dea-chaidreamh agus comhaontaithe iomaíocha a bhaint amach. Tá tobar eolais agus acmhainní againn chun gur féidir lenár mbaill tarraingt air agus cuirimid réimse leathan seimineár, imeachtaí agus deiseanna líonraithe ar siúl. Spreagaimid timpeallacht oibre dhearfach inár dtionscal a chothaíonn an chruthaitheacht, an cultúr agus tráchtáil rathúil.

Le léiriú agus ionadaíocht a dhéanamh ar phobal mór léiriúcháin na Gaeilge atá againn laistigh de SPI tá Coiste Gaeilge againn, a dhéanann ionadaíocht do leasanna earnáil léiriúcháin na Gaeilge i gcoitinne. Cuireann Coiste na Gaeilge cás na léiritheoirí seo chun cinn i ngach disciplín agus seánra clár teilifíse dhigitigh. Faoi chathaoirleacht Irial Mac Murchú (Nemeton), tá an Coiste chomhdhéanta d'ochtar ball SPI ó raon leathan cúlraí clársceidealaithe Gaeilge, amhail Nemeton, Red Shoe Productions, Paper Owl Films, Tua Films, Meangadh Films, Rosg, Aniar agus Abú Media.

Tríd an gcoiste seo agus an bhallraíocht níos leithne Léiriúchán na Gaeilge, éistimid agus tuigimid an tírdhreach reatha agus cad is féidir a dhéanamh chun cur lena rath.

*Oibríonn na léiritheoirí Gaeltachta/Gaeilge i gcúinsí eisceachtúla i gcomparáid le réimsí eile sa tionscal. Cuireann Coiste na Gaeilge cás na léiritheoirí seo chun cinn i ngach disciplín agus seánra chomh fada is a bhaineann sé le scannáin, léiriúcháin teilifís agus digiteacha. Cuireann na léiritheoirí a gcuid moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le méadú infheistíochta agus forbartha san earnáil.*

'Sé Irial Mac Murchú (Nemeton) an cathaoirleach agus tá ochtar ball (de chuid SPI) ó réimse leathan léiriúcháin Ghaeilge ar an gcoiste.




# Cén chuma atá ar léiritheoir neamhspleách Gaeilge:

Tá léiritheoirí freagrach as bainistíocht chruthaitheach, airgeadais agus reachtúil na dtionscadal aonair a léiríonn siad. Bíonn léiritheoirí páirteach i ngach gné den léiriúchán idir choincheap, sealbhú cearta, fhorbairt, fhoinsiú airgeadais, réamhtháirgeadh, táirgeadh agus iar-léiriú, agus seachadadh, mhargaíocht, dáileadh agus chomhlíonadh.

Tá tuiscint uathúil ag léiritheoirí na Gaeilge ar chultúr agus ar stair na hÉireann a thugann gné bhreise dá gcuid scéalaíochta trí mheán amhairc. Is gnách go bhfostaíonn cuideachta léiritheoirí Éireannacha croífhoireann lánaimseartha sna réimsí a bhaineann le léiriú, forbairt, riarachán, díolachán agus margaíocht. Forbraítear tionscadail agus cuirtear ar na margaí iad chun an t-airgead a theastaíonn chun an léiriúchán a dhéanamh a fháil. Bíonn an chroífhoireann, agus an fhoireann léiriúcháin leathnaithe, páirteach i ngach céim den léiriúchán, i bpróiseas a ghlacann suas le 3 nó 4 bliana, nó níos faide. Ar an drochuair, tá teorainneacha leis sin do léiritheoirí na Gaeilge, a mbíonn deacracht acu go minic foireann nua a earcú mar gheall ar an líon i bhfad níos lú de thallann léiriúcháin ag a bhfuil Gaeilge líofa. Mar sin, tá baint mhór ag go leor de léiritheoirí na Gaeilge le forbairt, léiriú agus soláthar gach tionscadail seachas a bheith ag díriú ar a gcomhlacht léiriúcháin féin a fhás agus a fhorbairt.

# Cén cruth atá ar an Tionscal?

Údarás Craolacháin na hÉireann

Tá ról lárnach ag Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) maidir le forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh i dtionscal closamhairc na hÉireann. Cuirtear an ról sin in iúl i misean, fís, luachanna agus spriocanna straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann, mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise an Údaráis 2017-2019.

Áirítear ar an gcreat reachtaíochta lena dtugtar éifeacht don ról seo an tAcht Craolacháin 2009, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Straitéis 20 Bliain an Stáit don Ghaeilge 2010-2030.

Tugtar aghaidh i bPlean Gníomhaíochta Gaeilge Údarás Craolacháin na hÉireann ar chúig phríomhréimse mar a leanas:

- Tacú le cláir agus stáisiúin Ghaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thionscnaimh um Cheadúnú agus Ciste Craolacháin
- Comhpháirtíochtaí Gaeilge a chothú
- Tacú le Taighde
- Sonraí a bhailiú
- Próisis chuntasachta a fheabhsú, monatóireacht agus tuairisciú um chomhlíonadh san áireamh

Ag féachaint ar an gCiste Craolacháin atá á riar ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun tacú le léiriúchán Gaeilge amháin, sonraítear i straitéis Údarás Craolacháin na hÉireann:

- Leanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann dá ghealltanas íosmhéid 25% de mhaoiniú Babhta Sound & Vision a bhronnadh ar chláir Ghaeilge, lena n-áirítear cláir dhátheangacha.
- Déanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann iniúchadh ar conas méideanna méadaithe de chláir raidió Ghaeilge arna maoiniú ag Sound & Vision a sholáthar.
- Déanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann iniúchadh ar na seánraí agus na cineálacha clár Gaeilge atá á maoiniú faoin Scéim Sound & Vision chun treochtaí maoinithe a mheas agus a thuairisciú agus chun bonn eolais a chur faoi thionscnaimh fhorbartha ionchasacha.

# TG4

“*Tógadh an earnáil léiriúcháin neamhspleách réigiúnach ar fad timpeall ar TG4 … is iontach an tionchar atá ag TG4 ar na Gaeltachtaí agus ar earnáil léiriúcháin teilifíse na Gaeilge.*”

-Irial Mac Murchú

Is é TG4 an t-aon fhoilsitheoir/craoltóir in Éirinn, rud a chiallaíonn go n-aimsíonn TG4 formhór a chlár ó earnáil léiriúcháin neamhspleách na Gaeilge. Tá sé maoinithe trí thacaíocht dhíreach ón Rialtas agus trí ioncam tráchtála. Is é maoiniú poiblí TG4 a phríomhfhoinse ioncaim i gcónaí, agus tá sé ríthábhachtach go socrófar an maoiniú reatha ar leibhéil ar ar féidir an tseirbhís a fhorbairt, a lucht éisteachta/féachana a mhéadú ar gach ardán, agus freagairt do na dúshláin atá le sárú aige i dtimpeallacht tá ag éirí níos digití.

Is comhartha é rath léirmheastach Arracht, Foscadh agus An Cailín Ciúin le déanaí ar acmhainn na Gaeilge in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Níor baineadh an rath sin amach thar oíche. A bhuí le maoiniú i gcomhair chlár forbartha Cine4 ó TG4, Údarás Craolacháin na hÉireann agus Screen Ireland, bhí na léiritheoirí agus lucht na n-ealaíon taobh thiar de na scannáin ábalta an t-am arbh ghá a ghlacadh chun lánacmhainneacht na dtionscadal a fhorbairt. De dheasca na tacaíochta bhí siad ábalta saothar a chruthú atá ábhartha don lucht éisteacha/ féachana beag beann ar aon bhacainní teanga.



# TG4

Mar fhoilsitheoir / chraoltóir, is é TG4 an príomhchoimisinéir i earnáil léiriúcháin neamhspleách na Gaeilge, agus is é an t-aon fhoinse chomhsheasmhach maidir le cláir theilifíse Ghaeilge don lucht éisteachta/féachana Gaeilge.

Ní féidir an iomarca béime a leagan an stádas atá ag TG4 mar phríomhinfheisteoir in ábhar bunaidh Éireannach agus mar inneall fáis do gheilleagar réigiúnach cruthaitheach na hÉireann. Seo a leanas roinnt príomhfhigiúirí chun an tábhacht sin a léiriú:

- seirbhísí le 10 mbliana anuas (€230m ar tháirgeadh neamhspleách), i gceantair réigiúnacha den chuid is mó. / Le 10 mbliana anuas, tá €230m infheistithe ag Tg4 i léiriúchán neamhspleách agus fócas ar limistéir réigiúnacha
- Coinníonn TG4 thart ar 500 post coibhéise lánaimseartha (FTE) i léiriú closamhairc go díreach i limistéir Ghaeltachta agus réigiúnacha.

Ní mór dúinn leas a bhaint as an tréimhse seo d'ábhar Gaeilge agus deis a thabhairt do TG4, agus do léiritheoirí Gaeilge agus do lucht ealaíon Gaeilge, níos mó ábhair a bhfuil gradaim bainte amach aige agus ar mian leis an lucht éisteachta/féachana féachaint air a chruthú.

Tacaíonn SPI le pleananna uaillmhianacha TG4 don todhchaí mar atá leagtha amach ina n-aighneacht réamhbhuiséid inar féachadh le:

- Cúla4 a bhunú mar chainéal tiomnaithe Gaeilge do pháistí.
- Cainéal TG4+1 agus TG4 HD a bhunú ar Saorview.
- Ár n-infheistíocht in ábhar Gaeilge a mhéadú don lucht éisteachta/féachana faoi 35 bliain d'aois.
- Ár maoiniú do Léiriú Drámaíochta Gaeilge & Forbairt Tallainne sa Tionscal a mhéadú.
- Seirbhís & Inniúlachtaí Digiteacha Nuachta TG4 a bhunú.
- Punann Acmhainní Oideachais Curaclam-bhunaithe TG4 a mhéadú.

Is fíor-léiriú ar acmhainn na hearnála é an infheistíocht shuntasach bhreise atá déanta i TG4 le 3 bliana anuas. Leithdháileadh €7.3M breise ar TG4 i mBuiséad 2023. Cuirfidh sé seo ar chumas an chainéil a fhís iar-COVID maidir le craoladh na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

# TG4

‘*Is iontach an deis é seo do chraoladh Gaeilge i gciall níos ginearálta. Tá go leor buntáistí ag baint le bainteacht páistí leis an gcainéal ag aois óg maidir le lucht éisteachta/féachana níos fadtéarmaí a chothú don chainéal agus cur leis an tionchar atá ag craoladh na Gaeilge*.’

-Taighde B&A 2022

D’fhógair an tAire freisin go bhfuil an soláthar á dhéanamh do TG4 chun tús a chur le craoladh a chainéil nua teilifíse, Cúla 4, a chuireann cláir Ghaeilge ar fáil do pháistí.



Ceol Ar An Imeall | Red Shoe Productions

# Maoiniú Meáin Seirbhís Phoiblí ar comhardú

Tá neamhchomhardú i leibhéil mhaoinithe Mheáin Seirbhíse Poiblí (MSP) na hÉireann faoi láthair. Tá buiséad de bheagnach €350M ag RTÉ agus gheobhaidh TG4 €57.5M in 2023. Aithníonn na Rialtas an neamhchomhardú maoinithe anois lenar tugadh méaduithe de €3.5m do TG4 in 2021, €4.2M do 2022, agus €7.5M do 2023. Ach tá an príomh-neamhchomhardú fós ann.

Léirítear sa sliocht thíos dearcadh TG4 ar an gceist.

*Tá gá le comhardú maoinithe níos fearr in éiceachóras MSP na hÉireann chomh maith. Mar an dá MSP náisiúnta, ba cheart go mbeadh cóimheas maoinithe seirbhíse poiblí i bhfeidhm ar le RTÉ agus ar TG4. An éifeacht a bheadh aige ná éagsúlacht agus iolrachas a chur chun cinn in earnáil MSP na hÉireann, cothromaíocht níos fearr in éiceachóras closamhairc na hÉireann agus ina leagan amach réigiúnach, chomh maith le léiriú a thabhairt ar a thábhachtaí agus atá an Ghaeilge. Mar phríomh-mhaoinitheoir na hearnála closamhairc i réigiúin na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin, dhéanfaí scála maoinithe méadaithe do TG4 a aistriú go díreach go méadú ar scála na hearnála closamhairc réigiúnaí.*


-Aighneacht Réamhbhuiséid TG4 2023

# Maoiniú Meáin Seirbhís Phoiblí ar comhardú

Coimisiúnaíonn TG4 ábhar faoi láthair ó thart ar 32 comhlacht léiriúcháin neamhspleách Gaeilge agus tá conarthaí ilbhliantúla déanta ag14 chuideachta. Ó 2017 i leith chuir TG4 stop le léiriúcháin intí d'ábhar líneach seachas an nuacht agus cúrsaí reatha.

Léirítear sa ghraf thíos an caiteachas TG4 ar léiriúcháin neamhspleácha Gaeilge ó bhí 2008 ann

Caiteachas TG4 ar léiriúchán neamhspleách Éireannach




In 2021, chaith TG4 €27.3m ar sheirbhísí cruthaitheacha i bPoblacht na hÉireann , agus caitheadh €23.7m de sin le cuideachtaí cruthaitheacha réigiúnacha.

As an €27.3m a caitheadh ar sheirbhísí cruthaitheacha, caitheadh €21.9m de le cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus caitheadh €20.2m de sin le cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha réigiúnacha i bPoblacht na hÉireann. Caitheadh €761k eile le cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha i dTuaisceart Éireann (TÉ).

Léirítear leis sin a thábhachtaí atá staid TG4 i maoiniú na gcuideachtaí léiriúcháin réigiúnacha agus an tábhacht a bhaineann lena bhuiséad a bheith socraithe ag leibhéal is féidir le cuideachtaí léiriúcháin réigiúnacha a choimeád. Ba é Údarás Craolacháin na hÉireann a mhol go bhfaigheadh TG4 maoiniú ar leibhéal 2021 ar dtús.

Athdhearbhaíodh é sin ina n-athbhreithniú maoinithe bliantúil in 2020.

# Maoiniú Meáin Seirbhís Phoiblí ar comhardú

"Le aghaidh 2020, athdhearbhaímid ár dtuairim gur cheart go bhfaigheadh TG4 an chuid eile den easnamh bliantúil €6m a moladh san ARPPF 2018, mar ranníocaíocht incriminteach de €3.5m do 2020. Ba cheart dó maoiniú éigeandála a idirbheartú freisin chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh a tháinig as a fhreagairt ar ghéarchéim Covid-19."

Rinneamar ról TG4 a mheas go mion, agus is léir go gcaithfimid infheistíocht a dhéanamh le huaillmhian i TG4 chun earnáil dhúchasach léiriúcháin na Gaeilge a fhás. Mar aon leis an infheistíocht dhíreach seo ba chóir dúinn breithniú freisin ar an ngaol atá ag TG4 le foinsí agus comhlachtaí maoinithe eile; mar shampla;

- Dá gcuirfí maoiniú díreach in ionad oibleagáid RTÉ do TG4, chuirfí ar chumas TG4 a choimisiúin ó earnáil léiriúcháin na Gaeilge a mhéadú.
- Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go mbraitheann TG4 ar mhaoiniú comhpháirtíochta ó fhoinsí amhail Údarás Craolacháin na hÉireann, Ciste Craolacháin na Gaeilge agus go méid níos lú scéim Screen Ireland Cine4, agus tá na cistí comhpháirtíochta sin ina gcuid lárnach den éiceachóras do maoiniú léiriúchán na Gaeilge. Ciallaíonn sé sin go mbeidh inbhuanaitheacht na gcistí comhpháirtíochta ina breithniú tábhachtach amach anseo freisin.

# Téarmaí Trádála TG4 le Léiritheoirí Neamhspleácha

Faoi Alt 112(1) den Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar TG4 Cód Cleachtais Cóirthrádála ina leagtar amach na prionsabail a bhaineann le hábhar a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. I mí an Mhárta 2021, síníodh na chéad téarmaí um chomhaontú trádála idir Screen Producers Ireland agus TG4.

Is iad seo a leanas na Príomhphointí a comhaontaíodh sna Téarmaí Trádála:

- Coimeádfaidh cuideachtaí léiriúcháin cóipcheart agus cearta dáileacháin maidir le cláir a léireofar do TG4.
- Beidh cearta llardán ag TG4 maidir le cláir choimisiúnaithe ar feadh tréimhse 5 bliana.
- Beidh an chéad rogha ag TG4 na cearta llardán a athcheadúnú ar feadh 5 bliana eile nuair a íocfar táille bhreise leis an Léiritheoir.
- Cuirfidh TG4 na cláir ar fáil ar ardáin éagsúla agus ar sheinnteoir TG4 ar fud an domhain lena n-aithneofar ról TG4 mar Sheirbhís Ghaeilge dhomhanda.
- Roinnfear na brabúis dáileacháin idir TG4 agus an cuideachta léiriúcháin.


Fíor Scéal| ROSG

# Téarmaí Trádála TG4 le Léiritheoirí Neamhspleácha

Leis na Téarmaí Trádála sin idir SPI agus TG4 tugtar níos mó trédhearcachta agus cothromais don chaidreamh idir léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge agus an craoltóir. Rachaidh sé sin chun sochair do chruthú ábhair agus inbhuanaitheacht agus fás earnáil na Gaeilge. Cruthóidh léiritheoirí Gaeilge an t-ábhar ardchaighdeáin a mbíonn lucht éisteachta/féachana TG4 ag súil lena fheiceáil, agus is mian leis an earnáil tacú le fás leanúnach a lucht éisteachta/féachana ar gach ardán.

Tá Coiste Gaeilge an SPI freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na dTéarmaí Trádála, agus as a chinntiú go mbeidh gach páirtí sásta leis an dóigh a bhfuil an cód á chur chun feidhme.

## Conclúid:

Is é maoiniú poiblí TG4 a phríomhfhoinse ioncaim i gcónaí do TG4, agus tá sé ríthábhachtach go socrófar an maoiniú reatha ar leibhéil ag a gcuirfear ar chumas TG4 an tseirbhís a fhorbairt, a lucht éisteachta/féachana a mhéadú ar gach ardán, agus freagairt do na dúshláin atá le sárú aige sa timpeallacht digiteach.

Tá sé ríthábhachtach gur féidir le léiritheoirí Gaeilge brath ar fhorálacha na dTéarmaí Trádála agus go bhfaighidh siad luach saothair cóir as a gcuid oibre.

Tá ról bunúsach ag TG4 i bhforbairt na hearnála, i gcomhairle leis na Léiritheoirí, chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna amhail;

- lucht éisteacha/ féachana a fhás, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta, d'ábhar Gaeilge, go háirithe i measc lucht éisteachta/féachana óg.
- forbairt earnála trí oiliúint agus trí thallann Ghaeilge a mhealladh agus a choinneáil san earnáil.
- ábhar dúchasach Gaeilge uaillmhianach a chruthú agus idirnáisiúnú.



Réalta agus Gaolta | Adare Productions

# RTÉ

Tá sé d'oibleagáid ar RTÉ 365 uair an chloig d'ábhar a sholáthar do TG4 gach bliain. Rinne RTÉ sraitheanna a choimisiúnú agus a chomhléiriú do TG4 in 2021: Comluadar Ceoil (deich n-eipeasóid), Réalta agus Gaolta (deich n-eipeasóid), Junior Eurovision (ocht n-eipeasóid), Go Gasta (deich n-eipeasóid) agus Rugbaí Beo (sraith Chraobhchomórtas URC). Áirítear leis freisin an Nuacht agus roinnt clár cartlainne. Chosain sé sin thart ar €7.3M.

De réir thuarascáil bhliantúil RTÉ:

"*Cuimsíodh san aschur teilifíse Gaeilge a chraol RTÉ in 2021 raon leathan de shraitheanna agus d'fhormáidí bunúsacha arna gcoimisiúnú ón earnáil neamhspleách agus ó fhoirne inmheánacha, chomh maith le scláta feabhsaithe de cheannacháin neamhspleácha, lenar tugadh an rogha d'aschur Gaeilge don lucht éisteachta/féachana i ngach seánra idir ábhar do pháistí agus sraitheanna clár faisnéise fíorasach buaic-ama*"

"*Faoi mhí na Nollag 2021, bhí níos mó ná 900 uair an chloig d'ábhar Gaeilge á chraoladh ar an teilifís, os cionn 1,000 uair an chloig ar an RTÉ Player, agus beagnach 9,000 uair an chloig ar ár seirbhísí raidió, rud a sháraigh na spriocanna ar fad.*"

# Ciste Craoltóireachta na Gaeilge

Bunaíodh Ciste Craoltóireachta na Gaeilge (CCG) d'fhonn ábhar ardchaighdeáin Gaeilge a mhaoiniú agus earnáil léiriúcháin na Gaeilge a chothú i dTuaisceart Éireann.

Is iad na haidhmeanna sonracha le Ciste Craoltóireachta na Gaeilge (CCG) léiriú agus craoladh ábhar Gaeilge d'ardchaighdeán a chur chun cinn do lucht éisteachta/féachana i dTuaisceart Éireann agus níos faide i gcéin agus cuidiú le fás earnáil léiriúcháin na Gaeilge i dTuaisceart Éireann.

Maoiníonn an Ciste thart ar 60 uair an chloig d'ábhar Gaeilge in aghaidh na bliana. Tá maoiniú forbartha agus léiriúcháin ar fáil do raon leathan seánraí; agus craoladh ar BBC Thuaisceart Éireann, TG4 agus RTÉ chomh maith le hardáin dhigiteacha éagsúla. Soláthraíonn an CCG maoiniú i gcomhair réimse tionscnamh oiliúna freisin do chainteoirí Gaeilge a oibríonn nó ar mian leo oibriú san earnáil léiriúcháin i dTuaisceart Éireann.

Is iad cuspóirí Chiste Craoltóireachta na Gaeilge (CCG) maoiniú a chur ar fáil le hardchaighdeán ábhar Gaeilge a léiriú agus a chraoladh do lucht féachana i dTuaisceart Éireann agus níos faide i gcéin agus a chinntiú go bhfásfaidh an earnáil léiriúcháin Gaeilge i dTuaisceart Éireann.

Maoiníonn an ciste thart fá 60 uair an chloig d'ábhar físe i nGaeilge in aghaidh na bliana. Tá maoiniú forbartha agus léiriúcháin ar fáil do réimse leathan seánraí agus craoltar an t-ábhar seo ar BBC Thuaisceart Éireann, TG4 & RTÉ mar aon le hardáin ilmheánacha. Cuireann an CCG maoiniú ar fáil ó thaobh oiliúna de do chainteoirí Gaeilge atá ag obair san earnáil léiriúcháin nó ar mian leo dul ag obair inti.

# S481 & An Borradh Réigiúnach

Le blianta beaga anuas, tá roinnt mórléiriúchán mar “Foundation” déanta ag Troy Studios i Luimneach, arna léiriú ag AppleTV+, a bhí ar an léiriú aonair is mó riamh in Éirinn, agus dhá mhórscannán Star Wars a scannánaíodh ar an láthair ar fud Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Thacaigh an borradh réigiúnach le léiriúcháin ar a ndéantar scannánú lasmuigh a de mhol Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin. A bhuí le méadú ar an mborradh 5% a fógraíodh sa bhuiséad deireanach, bhí dianghníomhaíocht léiriúcháin ar bun i Maigh Eo, Dún na nGall, Ciarraí agus Gaillimh, rud a chruthaigh fostaíocht réigiúnach agus tionchar suntasach eacnamaíoch.

Mar gheall ar an laghdú ar an gcreidmheas cánach go 3% in 2022, tháinig laghdú suntasach ar léiriúcháin atá ar siúl in go leor réigiún. Tá sé sin á bhrath ag an bhfoireann aisteoirí , ag an bhfoireann agus ag na geilleagair áitiúla ar fud na réigiún. Tá an SPI ag moladh an borradh réigiúnach a choinneáil. Ina theannta sin, chun gníomhú in aghaidh na leibhéal níos ísle gníomhaíochta ag an gcéatadán níos ísle, ba mhaith linn é a thabhairt ar ais ag 5% ar a laghad i ndiaidh 2024.

Ba cheart breithniú ar bhonn fhadtéarmach ar phlean comhtháite a chruthú chun na réigiúin léiriúcháin a fhorbairt. Mar aon le forbairt na n-acadamh agus moil na bhfoirne aisteoirí, ba cheart smaoineamh ar an mborradh réigiúnach a athnuachan ag céatadán suntasach (5% ar a laghad), agus go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an léarscáil reatha um chúnamh stáit ar chumas an bhorrtha amach anseo. Ar na cúiseanna seo iarraimid freisin ciste tiomnaithe, trí Screen Ireland, a chruthófar chun tacú le déanamh scannán réigiúnach i ngach áit lasmuigh de mhol Bhaile Átha Cliath / Chill Mhantáin.

## Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge & IP: Cén fáth a bhfuil sí tábhachtach?

Comhpháirt mhór chun aon chuideachta léiriúcháin a scálú go rathúil is ea cumas léiritheoirí Éireannacha maoin intleachtúil a choinneáil dá gcuid tionscadal. Trí mhaoin intleachtúil a choinneáil, is féidir le táirgeoirí ath-infheistiú a dhéanamh i bhforbairt nua do thionscadail a chuireann ar a gcumas a gcuideachta a mhéadú go cuideachta ar mhórscála. Is í sin príomhcheist do SPI sna blianta atá le teacht.

## Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge & Inbhuanaitheacht Comhshaoil

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil earnáil neamhspleách léiriúcháin na hÉireann ar cheann de na cinn atá chun tosaigh maidir lena lorg carbóin a ríomh agus modhanna léirithe inbhuanaithe a úsáid. Ceann de na cúiseanna leis sin ná gur ghlac TG4 le huirlisí albert BAFTA go luath ina gconarthaí.

Tá TG4 ag obair le albert[1] agus ScreenGreening[2] faoi láthair chun caighdeáin níos airde d'inbhuanaitheacht comhshaoil a bhaint amach laistigh den tionscal. Ní mór na léiriúcháin uile arna gcoimisiúnú ag TG4 úsáid a bhaint as áireamhán carbóin albert chun monatóireacht a dhéanamh ar lorg carbóin agus tá sé ag tacú le cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha na hÉireann Deimhniúcháin albert a bhaint amach.

Cinntítear leis sin go bhfuil figiúr bonnlíne ann d'astaíocht carbóin maidir le léiriúcháin neamhspleácha TG4 ar féidir é a laghdú le himeacht ama de réir mar a éireoidh cleachtais léiriúcháin inbhuanaithe níos príomhshrutha sna léiriúcháin ar fad.

# Moltaí SPI & Spriocanna Straitéiseacha d'Fhorbairt Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge in Éirinn

Cé go bhfuil maoiniú méadaithe don earnáil agus méadú ar lucht éisteachta/féachana d'ábhar Gaeilge á fheiceáil againn, go cuideachtaí ag scálú agus go bhfuil an saineolas san earnáil ag fás, is fíor é freisin go bhfuil an fho-earnáil seo i gcéim dá forbairt a chiallaíonn go bhfuil dúshláin shainiúla le sárú ag comhlachtaí léiriúcháin atá ag obair sa Ghaeilge óna dteastaíonn réitigh bheartais uathúla agus ionadaíocht.

Thíos tá breac-chuntas tugtha againn ar roinnt moltaí a thagann leis na spriocanna straitéiseacha agus ansin tugtar bearta molta, d'fhorbairt na hearnála léiriúcháin Gaeilge sna 5 – 10 mbliana atá romhainn. Tá na bearta molta atá leagtha amach anseo táscach agus chuirfí bonn eolais breise fúthu le taighde agus le rannpháirtíocht leis an tionscal.

## Moladh 1:

Tús aite a thabhairt don Ghaeilge, agus d'fhorbairt earnáil léiriúcháin na Gaeilge, i straitéis rialtais atá ann cheana do na tionscail chruthaitheacha.

## Sprioc:

Beidh straitéis láidir chun tacú le hearnáil léiriúcháin na Gaeilge ina cuid ríthábhachtach de na pleananna níos leithne le haghaidh Éire Cruthaitheach. Ról bunúsach na Gaeilge inár léiriú cultúrtha a aithint, go háirithe maidir le héagsúlacht agus iolrachas na Meán Seirbhíse Poiblí a bhaint amach.

## Conas:

- Coiste a bhunú d'Fhorbairt Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge, ba chóir go ndéanfar cathaoirleacht air sin ar leibhéal na Roinne.
- Ba cheart go mbeadh ionadaíocht ar aon choiste ó léiritheoirí a oibríonn sna réigiúin agus tríd an nGaeilge.
- Taighde príomhúil a dhéanamh i measc an phobail táirgeoirí Athbhreithniú agus tagarmharcáil a dhéanamh ar shamhlacha dea-chleachtais idirnáisiúnta i.e. an Bhreatain Bheag / an Chatalóinis
- Straitéis mheántéarmach go fadtéarmach a fhoilsiú d'fhorbairt earnáil léiriúcháin na Gaeilge, ag cur na moltaí thíos san áireamh.

# Moltaí SPI & Spriocanna Straitéiseacha d'Fhorbairt Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge in Éirinn

Moladh 2:

Príomhbheartais, tacaíochtaí maoinithe agus tionscnaimh forbartha earnála is gá chun earnáil na Gaeilge a fhorbairt sna 5-10 mbliana atá romhainn a shainaithint.

Sprioc:

Tacú leis an straitéis leis na hidirghabhálacha agus tacaíochtaí riachtanacha chun an earnáil a scálú agus a fhás

Conas:

- An borradh réigiúnach S481 a thabhairt as ais ag íosmhéid 5%.
- Maoiniú do ghníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus comhléiriúcháin a mhéadú, léiriú Gaeilge a leabú i mbonn níos leithne maoinitheoirí, lena n-áirítear fócas maoinithe uile-oileáin.
- A chinntiú le Téarmaí Trádála do léiritheoirí le TG4 agus maoinitheoirí eile araon, go gcosnófar a gcearta intreacha agus go gceadófar dóibh a IP a choinneáil, ar ciorcal macánta ath-infheistíochta é san earnáil.
- Athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú Théarmaí Trádála TG4 idir boird SPI agus TG4 a chumhdach, ina dtugtar 'spás sábháilte' do léiritheoirí chun saincheisteanna conarthacha a ardú agus a gceart chun cosanta faoi na Téarmaí Trádála a chinntiú.
- Plean forbartha lucht éisteachta/féachana comhtháite, ilghníomhaireachta a fhorbairt, agus fócas ar leith ann ar lucht éisteachta/féachana óg, le haghaidh ábhar Gaeilge.

# Moltaí SPI & Spriocanna Straitéiseacha d'Fhorbairt Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge in Éirinn

Moladh 3:

Straitéis tallainne agus scileanna a fhorbairt a bhainfidh go sonrach le hearnáil léiriúcháin na Gaeilge

Sprioc:

Is léir nach féidir aon mhóiminteam fáis san earnáil a choinneáil mura mbeidh tacaíocht ann chun scileanna tionscail a fhorbairt agus feabhas a chur ar an bpíblíne tallainne, thabharfadh an straitéis seo aghaidh ar an easnamh bunúsach sin. Forbairt gairme inbhuanaithe do tháirgeoirí agus do chruthaitheoirí trí Ghaeilge.

Conas:

- Iniúchadh a dhéanamh ar na socrúcháin oiliúna agus oibre atá á soláthar ar gach leibhéal oideachais, lena n-áirítear scoileanna
- Iniúchadh a dhéanamh ar na bearnaí oiliúna agus scileanna ar leibhéal an tionscail
- Ionchur a iarraidh ar tháirgeoirí maidir le riachtanais scileanna an tionscail amach anseo
- A shainaithint conas a líonfar easnaimh scileanna sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma
- Mol tallainne agus soláthraithe, bunaithe sna réigiúin, a bhaineann go sonrach le hearnáil na léiriúcháin Gaeilge, a mhaoiniú agus a chruthú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirfear deiseanna oibre agus foghlama chun cinn lena chinntiú go mbeidh siad thar a bheith sofheicthe agus gur féidir buíon tallainne ilghnéitheach teacht orthu.

# Moltaí SPI & Spriocanna Straitéiseacha d'Fhorbairt Earnáil Léiriúcháin na Gaeilge in Éirinn

Moladh 4:

Plean forbartha tionscail agus earnála, a bheidh dírithe ar fhorbairt cuideachtaí, a bhainfidh go sonrach le hearnáil na léiriúcháin Gaeilge a chruthú .

Sprioc:

Acmhainn a fhorbairt i gcomhlachtaí léiriúcháin na Gaeilge

Conas:

- Feabhas a chur ar chumas gnólachtaí cruthaitheacha a maoin intleachtúil a chruthú, a choinneáil agus leas a bhaint as
- A chinntiú go gcuimseofar na daoine atá ag obair i léiriú na Gaeilge i misin trádála idirnáisiúnta agus gach deis a thapú lenár dtionscal a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.
- Deiseanna maoinithe ar leith don Ghaeilge a chruthú trínár mbonneagar sna tionscail chruthaitheacha atá ann cheana i.e. Féilte, Líonra Oifigí Scannán, Cistí sonracha réigiúnacha agus eagraíochtaí ionadaíocha.
- Tacú le comhlachtaí ionadaíocha tionscail, amhail an SPI, chun tacú le forbairt ár bpobail léiriúcháin Gaeilge

# Conclúid

Samhlaímid earnáil léiriúcháin na Gaeilge a bheidh uaillmhianach, a bheidh san iomaíocht go hidirnáisiúnta, a chruthóidh ábhar an-láidir do lucht éisteachta/féachana na hÉireann agus idirnáisiúnta agus a chothóidh gairmeacha na tallainne cruthaithí is fearr ar an oileán seo. Is féidir an fhís sin a bhaint amach, ach ní féidir linn é a dhéanamh gan fís agus tacaíocht an rialtais, agus go sonrach gníomhú ar na moltaí atá leagtha amach san aighneacht seo.



Finky | Abu Media



Céilíuradh | Aniar